Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1372

13.6.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 303/2023**

**an 8 Nollaig 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1372]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1017 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729 a mhéid a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar *Staphylococcus aureus* frithsheasmhach in aghaidh meiticilline (MRSA) i muca lena ramhrú ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Is le reachtaíocht maidir le cúrsaí tréidliachta a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí tréidliachta, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas i bpointe 8c (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729 ón gCoimisiún) i gCuid 7.1 de Chaibidil I d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘, arna leasú le:

— **32023 D 1017**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1017 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 (IO L 136, 24.5.2023, lch. 78).’

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1017 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 136, 24.5.2023, lch. 78.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 9 Nollaig 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Pascal SCHAFHAUSER

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.